Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15033/18**

**COASI 268**
**ASIE 65**
**CFSP/PESC 1142**
**RELEX 1039**
**COHOM 160**
**CSDP/PSDC 718**
**CONUN 282**
**COHAFA 114**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14946/18 |
| Ábhar: | Maenmar/Burma<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma, a ghlac an Chomhairle ag an 3662ú cruinniú a bhí aici, ar an 10 Nollaig 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma**

1. Is mór an díol imní don Chomhairle na torthaí a bhí ar an misean neamhspleách idirnáisiúnta chun fíricí a aimsiú (FFM) de chuid na Comhairle um Chearta an Duine, mar aon le tuarascálacha eile, arb é a dtátal go ndearnadh sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan, go sonrach ag lucht míleata Mhaenmar/Burma (Tatmadaw), agus cuid de na sáruithe sin ar na coireanna is measa faoin dlí idirnáisiúnta. Tá iarrtha arís is arís eile ag an Aontas Eorpach iad siúd atá freagrach as na coireanna sin a thabhairt chun cuntais. Ghníomhaigh an tAontas go pras ar an leibhéal idirnáisiúnta trí rúin – a glacadh ar an 27 Meán Fómhair 2018 ag an gComhairle um Chearta an Duine[1] agus ar an 16 Samhain 2018 ag an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe[2] – a thíolacadh agus a urrú, obair leantach a dhéanamh ar mholtaí ábhartha FFM, go sonrach le *"sásra neamhspleách*" a bhunú chun tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh agus chun réiteach le haghaidh imeachtaí coiriúla córa neamhspleácha, i gcomhréir le caighdeáin dlí idirnáisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist thábhachtach na freagrachta. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart an sásra nua a chruthú agus aitheantas iomlán á thabhairt do dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

[1] A/C.3/73/L.51 an 16 Samhain 2018
[2] A/HRC/39/CRP.2 an 17 Meán Fómhair 2018

2. Tugann an Chomhairle dá haire bunú Choiste Neamhspleách Fiosrúcháin ag Rialtas Mhaenmar/Burma mar chéim chun cinn chun iad siúd atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáid a rinneadh ar chearta an duine i Stát Rakhine a thabhairt chun cuntais, ar choinníoll go mbeidh an Coiste Neamhspleách Fiosrúcháin in ann tabhairt faoin obair go neamhspleách, go neamhchlaon, le trédhearcacht agus oibiachtúlacht, murab ionann agus sásraí imscrúdaitheacha náisiúnta eile a tháinig roimhe. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle an comhar a rinneadh go dtí seo le Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe. Iarrann sí an athuair ar an Rialtas, gan a thuilleadh moille, gníomhaíocht fhónta agus dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí imní uile sin dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle an 26 Feabhra 2018, lena n-áirítear maidir le rochtain ag na Náisiúin Aontaithe agus ag eagraíochtaí daonnúla ar Stáit Rakhine, Kachin agus Shan agus dálaí a chruthú chun go bhféadfaidh siad siúd a easáitíodh as Stát Rakhine filleadh ar a ndúiche féin go sábháilte, deonach, díniteach agus go hinbhuanaithe. Ní mór fíor-iarrachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na géarchéime, trí raon iomlán moltaí an Choimisiúin Chomhairligh ar Stát Rakhine a chur chun feidhme go trédhearcach infhíoraithe. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht do Rialtas agus mhuintir na Banglaidéise chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dídeanaithe seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

3. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi an 26 Feabhra 2018, iarrann an Chomhairle ar údaráis Mhaenmar/Burma comhar a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach i dtaca leis an scéim dar teideal "Gach Ní seachas Airm" (EBA) agus meabhraítear di gur ar an tuiscint go n-urramófar cearta an duine agus cearta oibre a dheonófar na fabhair thrádála sin.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht láidir leanúnach d'aistriú Mhaenmar/Burma chuig an daonlathas, dá phróiseas síochána agus athmhuintearais náisiúnta agus dá fhorbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach.

5. Meabhraítear don Chomhairle na bearta a rinneadh go dtí seo chun trádbhac arm stóinsithe a bhaint amach, agus creat atá i bhfeidhm ón 26 Aibreán 2018, maidir le bearta sriantacha spriocdhírithe i gcoinne lucht déanta coireanna tromchúiseacha agus sáruithe líomhnaithe tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine atá á ndéanamh ag an arm (Tatmadaw) agus ag póilíní an gharda teorann.

6. Ós amhlaidh atá, tá sé ar intinn ag an gComhairle ainmniúcháin bhreise do bhearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne oifigigh mhíleata shinsearacha agus póilíní an gharda teorann atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha. Tá an Chomhairle tiomanta an liosta ainmniúcháin a choinneáil faoi shíor-athbhreithniú agus comhaontaíonn sí féachaint ar fhéidearthachtaí maidir le raon na mbeart sriantach a mhéadú chun eintitis a áireamh ann freisin.